

Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh

Polasaí dáileadh leigheas ar scoil Eanáir 2016

Rinne Bord Bainistíochta foireann teagaisc agus tuismitheoirí Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh an polasaí seo a athbhreithniú i mí na samhna 2015. Tá an cháipéis seo i gcomhréir le treoirlínte eisithe ag Eagraíochtaí Bainistíochta na mBunscoileanna agus an CMÉ.

Réamhrá

Cé go bhfuil dualgas ar an mBord Bainistíochta sláinte agus sábháilteacht dh'altaí a chaomhnú agus iad i mbun gníomhaíochtaí údaraithe, ní chiallaíonn sin go bhfuil dualgas ar mhúinteoirí cógais a riaradh go pearsanta.

Seasamh na Roinne Oideachais agus Scileanna: Faoi chúntair an Acht Oideachais 1998 agus rialacha na Roinne Oideachais agus Scileanna, is é an Bord Bainistíochta an tAonad ar a bhfuil freagracht riartha na scoile. Ní féidir leis an ROS ordú do chomhalta ar bith den Bhord Bainistíochta ná do bhall foirne teagaisc cóir leighis a chur ar dhaltaí a chuirtear de ghnáth ag lucht oilte leighis m.sh dochtúir nó banaltra.

Iarrann an Bord Bainistíochta ar thuismitheoirí a chinntiú go gcuirfean an Príomhoide ar an eolas, i scríbhinn, maidir le riocht míochaine ar bith a bheadh i gceist i dtaobh a gcuid páistí. Ba chóir an t-eolas seo a chur in iúl nuair a ghlactar le tairiscint áite don dalta nó nuair a thagann an riocht míochaine chun solais.

Sa pholasaí seo, séard is brí le ‘ cógas ’ ná cóir leighis a dtugtar de bhéal, idir leacht, taibléidí agus spraeanna, ungdh a smearadh ar chraiceann agus Anapen a úsáid, agus iad sin amháin.

Ábhar an Pholasaí

1. Nós imeachta le leanúint ag tuismitheoirí a dteastaíonn uathu go riarfaí cógas ar a gcuid páistí.

- Ba chóir go seolfadh an tuismitheoir/caomhnóir, i scríbhinn, Foirm Údaraithe Dáileadh Leighis chuig an Bord Bainistíochta ag lorg ball foirne a bheith údaraithe chun an cógas a thabhairt, nó chun monatóireacht a dhéanamh ar fhéinghlacadh an chógais.
- Ba chóir go seolfadh an tuismitheoir/caomhnóir treoir i scríbhinn a thabhairt maidir leis an nós imeachta a bheidh le leanúint i dtaobh cógas a ghlacadh agus a stóráil. & uimhreacha teangbhála éigeandála a cheangail leis (féach Aguisín 1)
- Tá freagracht ar thuismitheoirí a chinntiú go dtugtar an cógas do dhuine fásta freagrach sa scoil, go bhfuil a dhóthain den chógas ar fáil i gcónaí agus go bhfuil sé i ndáta.
- Tá sé de dhualgas freisin ar thuismitheoirí slánaíocht a thabhairt don Bhord agus baill foirne údaraithe i dtaobh dliteanas ar bith a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le cógas ar oideas dochtúra sa scoil. Cuirfidh an Bord árachóir na scoile ar an eolas dá réir sin.
- Is gá athruithe sa chógas ar oideas dochtúra (nó méid dáileoige) a chur in iúl láithreach don scoil le treoir soiléir i scríbhinn maidir leis an cógas nua a ghlacadh agus a stóráil.
- I gcásanna ina bhfuil páistí i mbaol báis ó bhreoiteacht, ba chóir do thuismitheoirí a chur in iúl go soiléir i scríbhinn cad ba chóir agus cad nár chóir a dhéanamh i gcás práinne áirithe, ag díriú ar a bhfuil mar phriacal ar an bpáiste.

2. Nósanna imeachta le leanúint ag an mBord Bainistíochta

- Is féidir leis an mBord, tar éis machnamh a dhéanamh air, ball foirne a údarú le cógas a riaradh do dhalta, nó le monatóireacht a dhéanamh ar fhéinghlacadh an dalta féin ar an Fhoirm Cheadaithe in Aguisín 2.

- Cinnteoidh an Bord go bhfuil an duine údaraithe oilte i gceart conas an cógas a riaradh.
- Cinnteoidh an Bord go bhfuil slánaíocht ar fáil ó na tuismitheoirí maidir le dliteanas ar bith a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le riaradh cógais.
- Cuirfidh an Bord an t-eolas cuí a chur ar fáil d'árachóirí na scoile gan mhoill.
- Deanfaidh an Bord socruithe cuí chun an cógas a stóráil.
- Deangfaidh an Bord socruithe chun na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm sa chás go mbíonn an ball fóirne údaraithe as láthair.

3. Dualgais Ball Fóirne

- Níl sé d'údaras ag an mBord Bainistíochta iachall a chur ar bhall fóirne cógas a thabhairt do dhalta.
- Ball foirne a bhíonn sásta cógais a riaradh, ba chóir go mbeadh nósanna imeachta soiléir leagtha amach i scríbhinn chuige seo agus go mbeadh sé le tuiscint go bhfuil sábháilteacht ag baint leis.
- Ní cóir cógas a riaradh gan cead speisialta a bheith faighte ón mBord Bainistíochta.
- Agus iad ag riaradh cógais do dhaltaí, ba chóir go mbeadh na baill fóirne ag feidhmiú mar a dhéanadh tuismitheoir stuama díograiseach..
- Ba chóir tuairisc scríofa a choiméad i dtaobh dáta agus am riartha.
- I gcás éigeandála, ní cóir don bhfoireann gan ach an méid is lú a dhéanamh chun freastal ar an dalta maidir le ró-anacair a mhaolú nó breis damáiste a sheachaint. Ba chóir fios a chur gan mhoill ar lucht leighis cáilithe nuair a tharlaíonn éigeandáil.
- Ba chóir dul i dteagmháil leis na tuismitheoirí nuair a bhíonn fadhb nó éigeandáil i gceist.

Deimhnithe ag an mBord Bainistíochta ar 20/01/2016

Síniú _____ Dáta _____

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta